Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13732/25**

**ECOFIN 1321**
**ENV 982**
**CLIMA 423**
**FIN 1181**
***ECB***
***EIB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le maoiniú don aeráid in oirchill Chomhdháil 2025 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP30) (Belém, an 10 go dtí an 21 Samhain 2025)<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 10 Deireadh Fómhair 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide mar a d'fhormheas an Chomhairle (ECOFIN) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 10 Deireadh Fómhair 2025.

**CONCLÚIDÍ 2025 ÓN gCOMHAIRLE**
**MAIDIR LE MAOINIÚ IDIRNÁISIÚNTA DON AERÁID**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS,

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, AGUS IS CÚIS IMNÍ DI DÁ RÉIR, torthaí Nuashonrú Deichbhliantúil Aeráide 2025 ón Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta, ina léirítear gurb í 2024 an bhliain ba theo dár taifeadadh riamh, agus go meastar go raibh an mheánteocht dhomhanda neasdromchla 1.55 °C ± 0.13 °C os cionn bhonnlíne 1850-1900, agus LEAGANN SÍ BÉIM ar shuirbhé 2025 Eorabharaiméadair, ina dtugtar le fios go measann 85 % de mhuintir na hEorpa gur cúis mhór imní é an t-athrú aeráide.

2. ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais Eorpaigh do sprioc fhadtéarmach teochta 1.5 °C Chomhaontú Pháras. CUIREANN SÍ IN IÚL gur díol imní di na costais shuntasacha mhéadaitheacha a bhaineann leis an easpa gnímh ar an leibhéal domhanda i leith an athraithe aeráide. LEAGANN SÍ BÉIM, sa chomhthéacs sin, ar a phráinní atá iarrachtaí leanúnacha intíre agus ar a riachtanaí atá an ghníomhaíocht iltaobhach agus an comhar idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhomhanda aeráide agus fíordheiseanna eacnamaíocha á gcur chun cinn agus an fás inbhuanaithe á chothú ag an am céanna. IARRANN SÍ ar na Páirtithe uile Rannchuidithe arna gCinneadh go Náisiúnta a thíolacadh, faoin am a thionólfar COP30, ina mbeidh dearbhspriocanna uaillmhianacha laghdaithe astaíochtaí ina gcuimsítear an geilleagar trí chéile agus lena gcumhdaítear na gáis ceaptha teasa, na hearnálacha agus na catagóirí uile, agus an méid sin a bheith ailínithe le sprioc fhadtéarmach teochta 1.5 °C, toradh an chéad Athbhreithnithe Dhomhanda agus an eolaíocht is fearr dá bhfuil ar fáil.

3. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról lárnach atá ag an maoiniú don aeráid i gcónaí i gcomhthéacs na gníomhaíochta feabhsaithe intíre agus iltaobhaí ar son na haeráide agus LEAGANN SÍ BÉIM freisin ar a thábhachtaí atá sé costéifeachtacht agus éifeachtúlacht an mhaoinithe sin a áirithiú i dtaca le torthaí agus tionchar inbhraite a bhaint amach trí ghníomhú fóinteach ar son na haeráide agus trí chur chun feidhme trédhearcach cuimsitheach. MEABHRAÍONN SÍ gur baineadh amach an sprioc chomhchoiteann maidir le USD 100 billiún a shlógadh in aghaidh na bliana mar mhaoiniú don aeráid ar mhaithe le tíortha atá i mbéal forbartha, agus ranníocaíocht shuntasach an Aontais agus a Bhallstát i ndáil leis sin. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta leanúint den sprioc a bhaint amach go dtí 2025 agus IARRANN SÍ ar thríú tíortha rannchuidiú freisin leis an sprioc chomhchoiteann a bhaint amach.

4. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil rún daingean ag an Aontas agus na Ballstáit freagairt ar an tathant go ndéanfaí an maoiniú don aeráid arna sholáthar agus arna shlógadh go comhchoiteann ag tíortha forbartha le haghaidh oiriúnú na dtíortha i mbéal forbartha a dhúbailt faoi 2025, i gcomparáid le leibhéil 2019, agus AITHNÍONN SÍ gur USD 32.4 billiún a bhí i ranníocaíocht na dtíortha forbartha faoi seach in 2022. IARRANN SÍ go gcuirfí tuilleadh feabhais ar na sineirgí idir na cláir oibre maidir le maoiniú don aeráid, don bhithéagsúlacht agus don bhainistíocht inbhuanaithe talún.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cinneadh maidir leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann (SNCC) maidir le maoiniú don aeráid, a glacadh ag an 6ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe agus í ag feidhmiú mar Chruinniú na bPáirtithe i gComhaontú Pháras (CMA6). MEABHRAÍONN SÍ an cinneadh lena leagtar síos mar sprioc go ndéanfaí USD 300 billiún ar a laghad a shlógadh in aghaidh na bliana faoi 2035 chun tacú leis na Páirtithe is tíortha i mbéal forbartha gníomhú ar son na haeráide, agus an méid sin á bhailiú ó réimse leathan foinsí, idir phoiblí agus phríobháideach, idir dhéthaobhach agus iltaobhach, lena n-áirítear foinsí malartacha airgeadais, i gcomhthéacs gníomhaíocht fhónta uaillmhianach mhaolúcháin agus oiriúnúcháin agus cur chun feidhme trédhearcach. LEAGANN SÍ BÉIM ar an bhforáil a dhéantar, le cinneadh SNCC, maidir leis an réimse ranníocóirí a leathnú ar mhaithe leis an sprioc USD 300 billiún, agus ar ról ceannasach na dtíortha forbartha i ndáil leis sin. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú deonach na bPáirtithe is tíortha i mbéal agus rún deonach na bPáirtithe gach eis-sreabhadh a bhaineann leis an aeráid ó bhainc forbartha iltaobhacha, agus an maoiniú uile a bhaineann leis an aeráid arna shlógadh ag na bainc sin, a áireamh i dtaobh bhaint amach na sprice sin, agus IARRANN SÍ ar na gníomhaithe uile atá in ann é a dhéanamh dlús a chur lena n-iarrachtaí an maoiniú don aeráid a uas-scálú agus rannchuidiú le SNCC, i gcomhréir lena bhfreagrachtaí agus lena gcumais a bhíonn ag athrú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, AGUS IS DÍOL SÁSAIMH DI, go bhfágann cinneadh SNCC go bhfuil creat ann le haghaidh cur chuige nua iomlánaíoch chun feabhas a chur ar na hiarrachtaí domhanda i leith an mhaoinithe don aeráid.

6. LEAGANN SÍ BÉIM ar ghníomhaíocht dhaingean an Aontais, ar leibhéal an Aontais féin agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena gcuimsítear ceapadh beartais, infheistíochtaí agus gníomhaíochtaí eile nach iad, lena rannchuidítear leis an maoiniú domhanda agus le réitigh dhomhanda chun aghaidh a thabhairt ar thionchair aeráide. MEABHRAÍONN SÍ gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit, in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), is mó a sholáthraíonn maoiniú poiblí don aeráid ar bhonn idirnáisiúnta, agus go bhfuil sciar ard de mhaoiniú lamhálta chomh maith le maoiniú cumaiscthe i gceist leis an maoiniú sin. AITHNÍONN SÍ go bhfuil maoiniú poiblí idirnáisiúnta don aeráid, lena n-áirítear maoiniú a bhfuil gné mhór lamháltais ag baint leis, ríthábhachtach i gcónaí chun tacú le tíortha agus pobail leochaileacha, go háirithe iad siúd ag a bhfuil acmhainneacht oiriúnaitheach theoranta agus ar a bhfuil tionchar díréireach ag an athrú aeráide, go háirithe sna tíortha is lú forbairt agus sna stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach atá ag Cistí Ingearacha Aeráide agus Comhshaoil i ndáil leis sin agus MEARBHRAÍONN SÍ cinneadh SNCC maidir le hiarrachtaí a dhéanamh na heis-sreafaí bliantúla a mhéadú faoi thrí ar a laghad, faoi 2030 ar a dhéanaí, i gcomparáid le leibhéil na gcistí iltaobhacha don aeráid faoi mar a bhí siad in 2022.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar an méadú 75 % a rinne an tAontas agus a Bhallstáit, idir 2019 agus 2023, ar a ranníocaíocht airgeadais idirnáisiúnta don oiriúnú i dtíortha i mbéal forbartha, agus ar an méadú faoi cheathair a rinneadh ar mhaoiniú BEI don oiriúnú i dtíortha i mbéal forbartha ó bhí 2022 ann, sa chaoi is gurb é an maoiniú sin a bhí in 31 % de mhaoiniú iomlán BEI le haghaidh na hinbhuanaitheachta aeráide agus comhshaoil lasmuigh den Aontas in 2024. ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil an tAontas tiomanta i gcónaí tacú leis na hiarrachtaí comhchoiteanna i dtaobh na gníomhaíochta oiriúnúcháin agus dlús a chur leis na hiarrachtaí sin, go háirithe chun tacú le tíortha leochaileacha iad féin a chur in oiriúint d’iarmhairtí an athraithe aeráide, lena n-áirítear freagairt ar na riachtanais agus na tosaíochtaí a leag ár gcomhpháirtithe is tíortha i mbéal forbartha amach le linn babhtaí idirphlé le deontóirí.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn suntasach atá á dhéanamh maidir leis an obair faoin gCiste um Fhreagairt ar Chaillteanas agus Damáiste, lena n-áirítear forbairt Mhódúlachtaí Cur Chun Feidhme Bharbadós agus leithdháileadh na céime tosaigh dar luach USD 250 milliún do 2025/26, agus ráta íosta leithdháilte 50 % i bhfeidhm do na tíortha is lú forbairt agus do na stáit oileánacha bheaga i mbéal forbartha. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur acmhainní airgeadais arna ngealladh ag an Aontas agus a Bhallstáit atá in 68 % de ghealltanais iomlána an Chiste go dtí seo, nach mór.

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI cinneadh SNCC lena n-iarrtar ar na gníomhaithe uile oibriú le chéile chun an maoiniú ó gach foinse phoiblí agus phríobháideach do thíortha i mbéal forbartha le haghaidh an ghníomhaithe ar son na haeráide a mhéadú go USD 1.3 trilliún ar a laghad in aghaidh na bliana faoi 2035, agus i ndáil leis an méid sin, AITHNÍONN SÍ iarrachtaí Uachtaránacht COP29 agus Uachtaránacht COP30 i dtreo 'Treochlár Bakı go Belém go 1.3 Trilliún'. TÁ SÍ AG SÚIL le dul i dteagmháil leis na gníomhaithe uile chun gníomhaíochtaí agus bearta a shainaithint lena rannchuideofar le maoiniú USD 1.3 trilliún a chur ar fáil, go háirithe d'fhonn maoiniú príobháideach breise a shlógadh do thíortha atá i mbéal forbartha. IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíochtaí agus bearta den sórt sin chun foinsí nua maoinithe a chur ar fáil le haghaidh an ghníomhaithe ar son na haeráide, chun slógadh acmhainní intíre a éascú agus chun deireadh a chur le bacainní ar rochtain ar mhaoiniú don aeráid, agus acmhainneachtaí náisiúnta éagsúla ionsúcháin agus cur chun feidhme á gcur san áireamh ag an am céanna.

10. TÁ SÍ AG SÚIL le Treochlár Bakı go Belém ina léirítear a phráinní atá sé scód a ligean go mór le tuilleadh caipiteal príobháideach le haghaidh an ghníomhaithe ar son na haeráide, agus ina léirítear acmhainneacht chlaochlaitheach agus ról an mhéid sin maidir le dlús a chur leis na hinfheistíochtaí is gá in aistriú glas na ngeilleagar uile. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé, chun infheistíochtaí príobháideacha a mhealladh, timpeallachtaí cumasúcháin a bheith ann ar gach leibhéal, breithnithe aeráide a phríomhshruthú i mbeartais agus in ionstraimí maicreacnamaíocha, fioscacha agus airgeadais, agus idir-inoibritheacht na gcóras airgeadais intíre agus idirnáisiúnta a chothú. D'fhéadfaí a áireamh leis an méid sin, *inter alia*, praghsáil carbóin, athchóirithe ar fhóirdheontais breoslaí iontaise, rialacháin airgeadais, nochtaí airgeadais inchomparáide agus iontaofa a bhaineann leis an aeráid, infheistíochtaí poiblí, próisis soláthair inbhuanaithe, agus forbairt pleananna aeráide náisiúnta atá inchreidte agus uaillmhianach agus a bhfuil straitéisí láidre infheistíochta agus pleananna cur chun feidhme costéifeachtacha mar bhonn leo. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé rioscaí aistrithe agus fisiceacha a bhainistiú ionas go mbeidh an córas airgeadais cobhsaí i gcónaí, lena n-áirítear trí mhachnamh breise a dhéanamh ar rioscaí aeráide a chuimsiú i gcreataí stuamachta, de réir mar a dhruideann tíortha le hastaíochtaí nialasacha. TÁ SÍ AG SÚIL leis an mbreithniú a dhéanfar ar na gnéithe sin faoin Treochlár.

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí domhanda chun cumasóirí an mhaoinithe don aeráid a fhorbairt agus a neartú, mar a léirítear, *inter alia*, in obair G20, i gComhghuaillíocht na nAirí Airgeadais um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus i dtionscnaimh eile. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair a rinne Ciorcal na nAirí Airgeadais ag COP30, agus tosaíochtaí agus torthaí ionchasacha na hoibre sin. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhar feabhsaithe idir bainc forbartha iltaobhacha, bainc forbartha náisiúnta, institiúidí airgeadais forbraíochta, agus cistí iltaobhacha don aeráid, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Chomhlántacht agus Comhleanúnachas a seoladh ag COP29 agus le hobair Mheitheal G20 um Maoiniú Inbhuanaithe chun ollstruchtúr idirnáisiúnta an mhaoinithe don aeráid a neartú chun tionchar, éifeachtúlacht agus cumas na gcistí iltaobhacha don aeráid a mhéadú chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh.

12. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ról catalaíoch atá ag an airgeadas poiblí, lena n-áirítear maoiniú poiblí lamháltais agus tacaíocht do chreidmheasa onnmhairiúcháin, i dtaobh scód a ligean le sreafaí príobháideacha. MEABHRAÍONN SÍ cur chuige straitéiseach an Aontais agus a Bhallstát i leith an airgeadais phoiblí, lena n-áirítear ionstraimí airgeadais a úsáid, cuir i gcás an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus, mar ardáin le haghaidh maoiniú catalaíoch; an obair ar Thionscnamh Domhanda na mBannaí Glasa a chur chun cinn, acmhainní poiblí agus caipiteal príobháideach a chomhthiomsú chun margaí na mbannaí glasa i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim a mhéadú; nó gníomhú faoi chuimsiú straitéis Global Gateway an Aontais lena dtairgtear ionstraimí éagsúla comhroinnte riosca dar luach suas le EUR 40 billiún chun borradh a chur faoi infheistíochtaí móra i dtíortha comhpháirtíochta, de réir chur chuige Fhoireann na hEorpa.

13. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé, ionas go ndéanfar an maoiniú don aeráid a uas-scálú, leanúint de shreafaí airgeadais a dhéanamh comhsheasmhach leis an gconair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus na forbartha aeráid-díonaí, agus leanúint d’athchóiriú an ollstruchtúir airgeadais i ngach tír agus go hidirnáisiúnta. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe uile – lena n-áirítear rialtais láir agus rialtais áitiúla, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc forbartha náisiúnta, eagraíochtaí daonchairdis, infheisteoirí príobháideacha agus institiúideacha – oibriú go comhpháirteach chun an sprioc sin a bhaint amach, i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh i gcomhthéacs Idirphlé Sharm el-Sheikh, lenar doimhníodh an tuiscint ar Airteagal 2.1(c) agus ar an ngaol atá aige sin le hAirteagal 9 de Chomhaontú Pháras agus TÁ SÍ AG SÚIL leis go n-aithneoidh na Páirtithe an tuiscint atá ag teacht chun cinn ar a phríomhghnéithe, agus go ndéanfaidh siad cinneadh maidir le bealach suntasach chun cinn i dtaca le hAirteagal 2.1(c), ag CMA7.

14. LEAGANN SÍ BÉIM ar ról ríthábhachtach na mbanc forbartha iltaobhach agus institiúidí idirnáisiúnta airgeadais eile maidir le huas-scálú a dhéanamh ar an maoiniú don aeráid ó gach foinse agus maidir lena ngealltanais ábhartha a chomhlíonadh agus IARRANN SÍ ar gach scairshealbhóir tacú leis an neartú is gá a dhéanamh ar na bainc forbartha iltaobhacha chun go mbeidh siad in ann a ngealltanais a chomhlíonadh ar mórscála agus ailíniú le cuspóirí Chomhaontú Pháras maidir le dlús a chur le cur chun feidhme na gníomhaíochta domhanda ar son na haeráide. TÁ SÍ go mór I bhFABHAR an athchóirithe atá á dhéanamh ar na bainc sin trí chur chun feidhme Threochlár G20 um Bainc Forbartha Iltaobhacha ar mhaithe le bainc forbartha iltaobhacha níos fearr, níos mó agus níos éifeachtaí. Cuideoidh sé sin le tíortha na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach ar bhealach níos fearr agus infheistíochtaí a spreagadh trí thionscadail a dhí-rioscú, réitigh airgeadais cumaiscthe, maoiniú airgeadra áitiúil agus réitigh fálaithe malairte eachtraí a chur ar fáil, a gcuid sonraí riosca creidmheasa a dhéanamh níos trédhearcaí agus an t-iasachtú lamháltais a fheabhsú, sa chaoi is go gcuideofar le scód a ligean le hinfheistíocht phríobháideach ar mórscála, agus cobhsaíocht airgeadais fhadtéarmach agus rátáil chreidmheasa na mbanc forbartha iltaobhach á gcosaint ag an am céanna. ATHDHEARBHAÍONN SÍ an iarraidh a rinneadh ar na bainc forbartha iltaobhacha deireadh a chur de réir a chéile leis an maoiniú a bhaineann le breoslaí iontaise a luaithe is féidir mar chuid dá n-ailíniú le spriocanna Chomhaontú Pháras, agus tuairisc chuimsitheach a thabhairt ar na hiarrachtaí agus ar an dul chun cinn a dhéanfar sa chomhthéacs sin.

15. LEAGANN SÍ BÉIM ar a riachtanaí atá sé féachaint ar roghanna nuálacha chun foinsí an mhaoinithe lamháltais don ghníomhú ar son na haeráide a leathnú, go háirithe don oiriúnú, lena n-áirítear trí ionstraimí éagsúla, cuir i gcás an phraghsáil carbóin agus tobhaigh i dtaca leis an ngníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme, agus trí uas-scálú a dhéanamh ar dhreasachtaí comhshaoil glan-nialasacha. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn substainteach atá déanta ag na Páirtithe faoi Chreat Glan-nialasachta na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta chun tacú le haistriú na hearnála muirí i dtreo loingseoireacht íseal-astaíochtaí tríd an nuálaíocht, an maoiniú agus an comhar idirnáisiúnta, agus chun acmhainn na hearnála sin maidir le foinsí nuálacha cistiúcháin a shlógadh don ghníomhú ar son na haeráide. TUGANN SÍ DÁ hAIRE obair Thascfhórsa na dTobhach Dlúthpháirtíochta Domhanda, darb aidhm foinsí nuálacha cistiúcháin a shainaithint agus a fhorbairt chun cabhrú le dul i ngleic le dúshláin shochaíocha agus aeráide, go háirithe i gcás na dtíortha is leochailí. TUGANN SÍ DÁ hAIRE torthaí Chomhdháil na Náisiún Aontaithe um Maoiniú na Forbraíochta, a tionóladh in Sevilla in 2025, go háirithe maidir le hionstraimí nuálacha, cuir i gcás bannaí glasa, maoiniú réamhshocraithe le haghaidh tubaistí, agus ionstraimí fiachais a bhaineann leis an aeráid.

16. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach forléargas a thabhairt ar na sreafaí a tháinig ón Aontas Eorpach le haghaidh an mhaoinithe idirnáisiúnta don aeráid in 2024, lena n-áirítear óna Bhallstáit agus ón mBanc Eorpach Infheistíochta, chun go ndéanfaidh an Chomhairle é sin a fhormhuiniú roimh chruinniú COP30 – an 30ú Comhdháil de Pháirtithe Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide.